AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 26.11.2024
COM(2024) 713 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hEastóine

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hEastóine

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263, agus go háirithe Airteagal 17 de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún,

De bharr an mhéid seo a leanas:

BREITHNITHE GINEARÁLTA

(1) Tháinig creat rialachais eacnamaíoch athbhreithnithe de chuid an Aontais i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024. Rialachán 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach[1], mar aon le Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 leasaithe maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme[2], agus le Treoir 2011/85/AE leasaithe ón gComhairle maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[3], is príomhghnéithe de chreat rialachais eacnamaíoch athchóirithe an Aontais iad. Is é is aidhm don chreat inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a áirithiú trí bhíthin athchóirithe agus infheistíochtaí. Leis an gcreat, cuirtear úinéireacht náisiúnta chun cinn agus dírítear ar an meántéarma, i gcomhcheangal le forfheidhmiú éifeachtach comhleanúnach na rialacha.

(2) Na pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta a chuireann na Ballstáit faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, tá siad i gcroílár an chreata nua rialachais eacnamaíoch. Bainfear dhá chuspóir amach leis na pleananna: i) faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, a áirithiú go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama, agus go dtabharfar agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais faoi bhun luach tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, agus ii) a áirithiú go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an

---

1 Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle (IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj).

2 Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L, 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj).

3 Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

Aontais. Chuige sin, ní mór gealltanas meántéarmach i leith conair ghlanchaiteachais[4] a chur isteach i ngach plean, lena mbunaítear go héifeachtach sriantacht buiséid ar feadh ré an phlean, lena gcumhdaítear 4 nó 5 bliana (ag brath ar an ngnáth-théarma reachtach i mBallstát). Ina theannta sin, ní mór míniú a thabhairt sa phlean ar an gcaoi a n-áiritheoidh an Ballstát go soláthrófar athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin arna sainaithint i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha (lena n-áirítear na moltaí sin a bhaineann leis an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha, más infheidhme), agus ar an gcaoi a dtabharfaidh an Ballstát aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Leis an tréimhse le haghaidh coigeartú fioscach, cumhdaítear tréimhse 4 bliana, tréimhse a bhféadfar síneadh suas le 3 bliana a chur léi má thugann an Ballstát gealltanas i leith sraith athchóirithe agus infheistíochtaí ábhartha a sholáthar a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263.

(3) Tar éis an plean a thíolacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cé acu a chomhlíonann sé ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263, nó nach gcomhlíonann.

(4) Déanfaidh an Chomhairle, ar mholadh a fháil di ón gCoimisiún, moladh a ghlacadh ina leagtar amach conair ghlanchaiteachais an Bhallstáit lena mbaineann agus, i gcás inarb infheidhme, formhuiniú a dhéanamh ar an tsraith gealltanas um athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse coigeartaithe fhioscaigh.

BREITHNITHE A BHAINEANN LE PLEAN STRUCHTÚRACH FIOSCACH MEÁNTÉARMACH NA hEASTÓINE

(5) An 11 Deireadh Fómhair 2024, rinne an Eastóin a plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta a thíolacadh don Chomhairle agus don Choimisiún. Rinneadh an tíolacadh tar éis síneadh a chur leis an sprioc-am a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2024/1263, mar a comhaontaíodh leis an gCoimisiún i bhfianaise na gcúiseanna a sholáthair an Eastóin.

Próiseas roimh thíolacadh an phlean

(6) An 21 Meitheamh 2024, sheol an Coimisiún, de réir Airteagal 9 de Rialachán (AE) 2024/1263, an chonair thagartha[5] chuig an Eastóin. D'fhoilsigh an Coimisiún an chonair thagartha an 11 Deireadh Fómhair 2024[6]. Tá an chonair thagartha

---

4 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263, is é sin caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas, (v) ar ghnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

5 Cuimsítear le réamhthreoir a tarchuireadh chuig na Ballstáit agus chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais conairí le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus gan é (lena gcumhdaítear 4 bliana agus 7 mbliana, faoi seach). Cuimsítear inti freisin na príomhchoinníollacha tosaigh agus na toimhdí bunúsacha a úsáidtear i gcreat réamh-mheasta fiachais rialtais mheántéarmaigh an Choimisiúin Eorpaigh. Ríomhadh an chonair thagartha ar bhonn na modheolaíochta a thuairiscítear i dTuarascáil Faireacháin an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais 2023 (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/debt-stainability-monitor-2023_ga). Tá sí bunaithe ar réamhaisnéis an earraigh 2024 ón gCoimisiún agus ar a síneadh meántéarmach suas le 2033, agus tá costais fhadtéarmacha fáis OTI agus aosaithe i gcomhréir le Tuarascáil chomhpháirteach 2024 ón gCoimisiún agus ón gComhairle maidir le hAosú (https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-economic-and-budgetary-projections-eu-member-states-2022-2070_ga).

6 https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/national-medium-term-fiscal-structural-plans_en#estonia

rioscabhunaithe agus áirithítear léi, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe fhioscaigh agus in éagmais bearta buiséadacha breise tar éis na tréimhse coigeartúcháin, go mbeidh an fiachas rialtais ghinearálta ar chonair inchreidte anuas nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go dtabharfar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin agus go gcoinneofar é faoi bhun an luacha tagartha sin sa mheántéarma. Sainmhínítear an meántéarma mar an tréimhse 10 mbliana tar éis dheireadh na tréimhse coigeartúcháin. I gcomhréir le hAirteagail 7 agus 8 de Rialachán (AE) 2024/1263, tá an chonair thagartha comhsheasmhach freisin leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais agus leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh. I gconair thagartha na hEastóine, leagtar amach nár cheart fás níos mó ná na luachanna arna soláthar i dTábla 1 a theacht ar ghlanchaiteachas, agus sin bunaithe ar thoimhdí an Choimisiúin agus ar thréimhse choigeartúcháin 4 bliana a chur san áireamh. Comhfhreagraíonn sin do mheánfhás glanchaiteachais 3,1 % le linn na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028).

Tábla 1: Conair thagartha arna soláthar ag an gCoimisiún don Eastóin an 21 Meitheamh 2024

	2025	2026	2027	2028	Meán 2025-2028
Fás glanchaiteachais uasta (bliantúil, %)	3,3	3,3	2,9	2,9	3,1

Foinse: Ríomhanna an Choimisiúin.

(7) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2024/1263, chuaigh an Eastóin agus an Coimisiún i mbun idirphlé teicniúil i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bhí an t-idirphlé dírithe ar an gconair ghlanchaiteachais atá beartaithe ag an Eastóin (lena n-áirítear infhaighteacht spáis fhioscaigh) agus ar na toimhdí bunúsacha a bhaineann léi (go háirithe túsphointe fioscach éagsúil, réamh-mheastacháin OTI agus an díbhoilsceoir OTI), chomh maith leis na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe a thabhairt i gcrích lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus thosaíochtaí coiteanna an Aontais maidir leis an aistriú cóir glas agus digiteach, an athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, an tslándáil fuinnimh agus méadú na gcumas cosanta.

(8) Ní thuairiscítear sa phlean a chuir an Eastóin isteach ar phróiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara náisiúnta ábhartha (lena n-áirítear comhpháirtithe sóisialta) roimh chur isteach an phlean.

Próisis ghaolmhara eile

(9) Thíolaic an Eastóin a Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025 an 15 Deireadh Fómhair 2024. Ghlac an Coimisiún tuairim maidir leis an Dréachtphlean Buiséadach sin an [26 Samhain 2024][7].

(10) An 21 Deireadh Fómhair 2024, chuir an Chomhairle sraith moltaí tírshonracha faoi bhráid na hEastóine i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh[8].

ACHOIMRE AR AN bPLEAN AGUS MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN AIR SIN

[7] Tuairim ón gCoimisiún maidir le Dréachtphlean Buiséadach na hEastóine, 26.11.2024, C(2024)9052 final.

[8] Moladh ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha, bhuiséadacha, fostaíochta agus struchtúracha na hEastóine, nár foilsíodh go fóill.

(11) I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2024/1263, rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean mar a leanas:

Comhthéacs: staid agus ionchas maicreacnamaíoch agus fioscach

(12) Tháinig crapadh 3,0 % ar ghníomhaíocht eacnamaíoch san Eastóin in 2023, crapadh arb é laghdú géar ar onnmhairí agus laghdú ar thomhaltas príobháideach ba chúis leis. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh laghdú breise 1,0 % ar an ngeilleagar in 2024, mar gheall ar laghdú ar thomhaltas agus ar infheistíocht mar aon le ráta íseal onnmhairiúcháin. In 2025, meastar go dtiocfaidh méadú 1,1 % ar an bhfíor-OTI, ós rud é go bhfuil an t-éileamh eachtrach ar onnmhairí na hEastóine ag téarnamh go mall, cé go bhfuil an t-éileamh intíre fós sách lag. In 2026, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú 2,6 % ar an bhfíor-OTI, ós rud é go meastar go dtiocfaidh méadú mór ar éileamh intíre, go háirithe ar thomhaltas príobháideach agus ar infheistíocht. Le linn na tréimhse réamhaisnéise (i.e. 2024-2026), meastar go dtiocfaidh méadú de réir a chéile ar fhás OTI féideartha san Eastóin ó 0,1 % in 2024 go 0,3 % in 2026, méadú arb é feabhas ar an bhfíor-OTI is cúis leis. Ba é 6,4 % an ráta dífhostaíochta in 2023, agus réamh-mheasann an Coimisiún gurb é 7,5 % a bheidh ann in 2024 agus 7,7 % in 2025 agus 7,2 % in 2026. Réamh-mheastar go laghdóidh an boilsciú (díbhoilsceoir OTI) ó 8,1 % in 2023 go 5,1 % in 2024, agus réamh-mheastar go bhfanfaidh sé ag 4,0 % in 2025 sula dtitfidh sé go 3,3 % in 2026.

(13) Maidir le forbairtí fioscacha, in 2023 is é a bhí in easnamh rialtais ghinearálta na hEastóine 2,8 % de OTI. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, sroichfidh sé 3,0 % de OTI in 2024 agus cobhsóidh sé ag 3,0 % de OTI in 2025 agus, ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, go gcobhsóidh sé arís in 2026. Áirítear i Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach dréachtbhuiséad na hEastóine le haghaidh 2025 a mhol an rialtas don pharlaimint náisiúnta i mí Mheán Fómhair. Ba é 20,2 % de OTI an fiachas rialtais ghinearálta ag deireadh 2023. De réir Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún Eorpach, meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais go 23,2 % de OTI ag deireadh 2024. Réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú air go 24,2 % de OTI ag deireadh 2025 agus go 25,5 % ag deireadh 2026. Sa réamh-mheastacháin fhioscacha ón gCoimisiún, ní bhreithnítear na gealltanais bheartais sna pleananna meántéarmacha go dtí go mbeidh bearta beartais nithiúla a fhógrófar go hinchreidte agus a shonrófar go leormhaith ina mbonn taca leo.

An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí maicreacnamaíocha sa phlean

(14) Le plean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta na hEastóine, cumhdaítear an tréimhse 2025-2028 agus cuirtear coigeartú fioscach i láthair thar thréimhse 4 bliana.

(15) Tá an fhaisnéis a cheanglaítear le hAirteagal 13 de Rialachán (AE) 2024/1263 sa phlean, cé is moite den fhaisnéis maidir leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara náisiúnta roimh chur isteach (a cheanglaítear le hAirteagal 13(g)(vi) de Rialachán (AE) 2024/1263).

(16) Leis an bplean, tugtar gealltanas i leith na conaire glanchaiteachais a léirítear i dTábla 2, a chomhfhreagraíonn do mheánfhás glanchaiteachais 4,7 % i gcaitheamh na mblianta 2025-2028. An meánfhás glanchaiteachais arna thuairisciú sa phlean le haghaidh na tréimhse coigeartúcháin (2025-2028), is airde é ná an chonair thagartha arna tarchur ag an gCoimisiún an 21 Meitheamh 2024. Sa chonair fáis glanchaiteachais sa phlean, baintear leas as an bhfíoras go bhfuil spás éigin ag an

Eastóin le haghaidh dí-chomhdhlúthú fioscach, rud nár léiríodh sa réamhthreoir ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an Eastóin an 21 Meitheamh 2024. Eascraíonn an spás fioscach as an leibhéal íseal fiachais san Eastóin in éineacht in éineacht leis an gcúngú a bhfuil coinne leis ar an easnamh príomha ar bheartas gan athrú. Méadaítear leis an t-uasráta fáis glanchaiteachais lena n-áiritheofaí go bhfanfaidh fiachas rialtais ghinearálta ar leibhéil stuama sa mheántéarma, agus go gcoinneofar an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun an luacha thagartha sa mheántéarma, mar a léirítear i dtábla 3. Déantar toimhde sa phlean go méadóidh fás OTI féideartha go 1 % in 2025 (ó 0,7 % in 2024) , sula laghdóidh sé go 0,5 % in 2027 agus 2028. Ina theannta sin, meastar sa phlean go méadóidh ráta fáis an díbhoilsceora OTI go 4,0 % in 2025 (ó 3,7 % in 2024) sula laghdóidh sé de réir a chéile go 2,8 % in 2028.

Tábla 2: An chonair ghlanchaiteachais agus na príomhthoimhdí i bplean na hEastóine

	2024	2025	2026	2027	2028	Meánfhás i gcaitheamh thréimhse bhailíochta an phlean 2025-2028
Fás glanchaiteachais (ar bhonn bliantúil, %)	1,9	7,1	5,1	3,6	3,2	4,7
Fás glanchaiteachais (ar bhonn carnach, ón mbonnbhliain 2023, %)	1,9	9,2	14,8	18,9	22,6	n/bh
Fás OTI féideartha (%)	0,7	1,0	0,9	0,5	0,5	0,7
Boilsciú (fás díbhoilsceora OTI) (%)	3,7	4,0	3,6	3,2	2,8	3,4

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na hEastóine agus ríomhanna an Choimisiúin

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir le fiachas rialtais ghinearálta

(17) Dá dtiocfadh ann don chonair ghlanchaiteachais a bhfuil gealltanas tugtha ina leith sa phlean agus do na toimhdí is bonn léi, mhéadódh fiachas rialtais ghinearálta de réir a chéile, de réir an phlean, ó 23,7 % in 2024 go 28,6 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028), de réir an tábla seo a leanas. Tar éis an choigeartúcháin, sa mheántéarma (i.e. go dtí 2038), réamh-mheastar go leanfaidh an cóimheas fiachais de bheith ag fás, de réir an phlean, cé go mbeidh sé ar ráta níos moille, agus go sroichfidh sé 32,6 % faoi 2038.

Tábla 3: Forbairtí maidir le fiachas rialtais ghinearálta agus comhardú rialtais ghinearálta i bplean na hEastóine

	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2038
Fiachas rialtais (% de OTI)	20,0	23,7	25,2	26,4	27,6	28,6	32,6
Comhardú rialtais (% de OTI)	-2,4	-2,7	-3,0	-2,7	-2,3	-2,1	-1,5

Foinse: Plean struchtúrach fioscach meántéarmach na hEastóine

Dá bhrí sin, de réir an phlean, d'fhanfadh an fiachas rialtais ghinearálta go mór faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 60 % de OTI, sa mheántéarma. Tá sé sin inchreidte bunaithe ar thoimhdí an phlean, ós rud é go réamh-mheasfaí go bhfanfadh an fiachas faoi bhun 60 % de OTI faoi 2038 de réir gach tástála struis cinnteachaíche in Anailís an Choimisiúin ar Inbhuanaitheacht Fiachais. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach

leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 6(2) agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Impleachtaí ghealltanais ghlanchaiteachais an phlean maidir leis an gcomhardú rialtais ghinearálta

(18) Ar bhonn chonair ghlanchaiteachais agus thoimhdí an phlean, meastar go sroichfidh an t-easnamh rialtais ghinearálta 3 % de OTI in 2025, agus go bhfeabhsóidh sé de réir a chéile go 2,1 % in 2028. Dá bhrí sin, de réir an phlean, ní sháródh an comhardú rialtais ghinearálta an luach tagartha 3 % de OTI ag deireadh na tréimhse coigeartúcháin (2028). Ina theannta sin, sna 10 mbliana tar éis na tréimhse coigeartúcháin (i.e. go dtí 2038), ní sháródh an t-easnamh rialtais 3 % de OTI. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus ar thoimhdí maicreacnamaíocha an phlean, maidir leis an gconair ghlanchaiteachais a chuirtear chun tosaigh sa phlean tá sí comhsheasmhach leis an gceanglas maidir leis an easnamh a leagtar amach in Airteagal 6, pointe (b), agus in Airteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce athléimneachta easnaimh

(19) Dá dtiocfadh ann do thoimhdí agus gealltanais an phlean, d'fhanfadh an t-easnamh struchtúrach faoi bhun 1,5 % de OTI le linn na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, bunaithe ar ghealltanais bheartais agus toimhdí maicreacnamaíocha an phlean, leanfar den chorrlach coiteann athléimneachta dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) 2024/1263 a urramú, agus dá bhrí sin ní gá feabhas breise a chur ar an gcomhardú príomha struchtúrach dá dtagraítear in Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2024/1263.

Comhsheasmhacht an phlean leis an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais

(20) De réir an phlean, meastar go bhfanfaidh an fiachas rialtais ghinearálta faoi bhun 60 % de OTI i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin. Dá bhrí sin, níl feidhm ag an gcoimirce inbhuanaitheachta fiachais.

Toimhdí maicreacnamaíocha an phlean

(21) Tá an plean bunaithe ar shraith toimhdí atá éagsúil leis na toimhdí ón gCoimisiún a tarchuireadh chuig an Eastóin an 21 Meitheamh. Go sonrach, úsáidtear toimhdí éagsúla sa phlean le haghaidh na staide fioscaí tosaigh (lena n-áirítear fiachas, fás caiteachais phríomhúil agus comhardú príomha struchtúrach le haghaidh 2024), fás fíor-OTI agus fás an díbhoilsceora OTI. Is gá measúnú cúramach a dhéanamh ar na difríochtaí sin idir toimhdí, go háirithe ós rud é go bhfuil an meánfhás glanchaiteachais sa phlean níos airde ná an meánfhás glanchaiteachais sa chonair thagartha.

Liostaítear thíos na difríochtaí idir na toimhdí a bhfuil an tionchar is mó acu ar an meánfhás glanchaiteachais, mar aon le measúnú ar gach difríocht a bhreithnítear ina haonar.

- Déantar toimhde sa phlean go mbeidh staid fhioscach tosaigh níos fabhraí ann ná mar a thoimhdigh an Coimisiún. Le haghaidh 2023 agus 2024, léirítear sa phlean sonraí olltoraidh nuashonraithe agus réamhaisnéisí náisiúnta maidir le fiachas, fás caiteachais phríomhúil agus an comhardú príomha struchtúrach. Rannchuidíonn sin le meánfhás glanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Ar bhonn na sonraí a bhí ar fáil tráth mheasúnú an Choimisiúin ar an bplean, measann an Coimisiún go bhfuil an túsphointe réalaíoch i bhfianaise an chomhardaithe phríomha struchtúraigh

nuashonraithe agus ríomhanna ar an mbearna aschuir. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

- Déantar toimhde sa phlean go mbeidh conair fáis fíor-OTI ann atá éagsúil le toimhdí an Choimisiúin le haghaidh na tréimhse 2021-2028. Rannchuidíonn sin le conair meánfháis ghlanchaiteachais atá sách difriúil i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean. Ar bhonn réamhaisnéisí náisiúnta níos déanaí, i gcomparáid le toimhde an Choimisiúin, meastar go mbeidh an fás níos láidre in 2025 ach go mbeidh sé níos laige ó 2026 ar aghaidh. Ar an iomlán, tá an fás OTI comhchosúil le toimhde an Choimisiúin ar an meán agus, dá bhrí sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin sa phlean.

- Déantar toimhde sa phlean go mbeidh fás díbhoilsceora OTI 0,8 pointe céatadáin níos airde ar an meán in 2024 agus 2025 i gcomparáid le toimhdí an Choimisiúin. Rannchuidíonn sin le conair meánfháis ghlanchaiteachais is airde i gcaitheamh na tréimhse coigeartúcháin sa phlean ná mar atá de réir thoimhdí an Choimisiúin. Tá an fás díbhoilsceora OTI níos airde bunaithe ar réamhaisnéisí náisiúnta níos déanaí agus tá sé i gcomhréir le Réamhaisnéis an Fhómhair 2024 ón gCoimisiún. Dá réir sin, meastar go bhfuil údar cuí leis an toimhde sin.

  Ar an iomlán, is é an toradh atá ar na difríochtaí uile idir toimhdí a ghlactar le chéile, agus a chuirtear leis an spás fioscach, meánfhás glanchaiteachais sa phlean is airde ná an chonair thagartha. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh an measúnú thuas ar thoimhdí an phlean i measúnuithe amach anseo ar chomhlíonadh na conaire glanchaiteachais.

Straitéis fhioscach an phlean

(22) De réir na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, déanfar na gealltanais maidir le glanchaiteachas a thabhairt i gcrích trí bhíthin smacht ar chaiteachas agus méaduithe lánroghnacha ar ioncam araon. Áirítear leis na bearta éagsúla ioncaim a liostaítear sa phlean athruithe ar an Acht um Cháin Ioncaim agus méaduithe ar rátaí dleachta máil, cáin mhótarfheithicle a thabhairt isteach chomh maith le formhuirear slándála téarma sheasta a thabhairt isteach (a bhaileofar trí mhéadú CBL ó lár 2025 agus trí mhéadú ar chánachas ar ioncaim uile daoine nádúrtha agus ar bhrabúis chorparáideacha ó 2026 ar aghaidh). Ó thaobh an chaiteachais de, tá sé beartaithe ag an Eastóin athbhreithniú buiséid a dhéanamh le haghaidh 2023-2027 chun éifeachtúlacht úsáid chistí buiséid an stáit agus soláthar seirbhísí agus gníomhaíochtaí ábhartha a mhéadú ar na costais is fearr is féidir bunaithe ar spriocanna an stáit. An tráth céanna, tá sé beartaithe ag an Eastóin caiteachas cosanta agus infheistíochtaí cosanta a mhéadú freisin. Tá sonraíocht na mbeart beartais atá le glacadh le deimhniú nó le coigeartú agus le cainníochtú sna buiséid bhliantúla. An tráth céanna, tá rioscaí ann maidir le cur chun feidhme na straitéise fioscaí táscaí sa phlean, rud a eascraíonn as an gcoigeartú fioscach a bheith bunaithe go páirteach ar mhéaduithe ioncaim lánroghnacha. I bhfianaise an téarnaimh mhall a thuartar ar an bhfás, tá an baol ann go mbeidh bailiú an ioncaim ó cháin níos ísle ná mar a thoimhdítear sa phlean. Ina theannta sin, leis an Dréachtphlean Buiséadach le haghaidh 2025, sonraítear na gníomhaíochtaí beartais trína mbainfear amach an gealltanas glanchaiteachais le haghaidh 2025.

Cuspóirí athchóirithe agus infheistíochta sa phlean lena bhfreagrófar do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus lena dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais

(23) Tugtar tuairisc sa phlean ar chuspóirí beartais a bhaineann le hathchóirithe agus infheistíochtaí chun freagairt do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe na moltaí tírshonracha, agus chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais. Cuimsítear sa phlean 11 athchóiriú agus infheistíocht, a bhfaigheann 6 cinn díobh tacaíocht airgeadais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus a bhfaigheann 4 cinn díobh tacaíocht airgeadais ó chistí an bheartais chomhtháthaithe.

(24) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, lena n-áirítear na cuspóirí aeráide a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1119, cuimsítear leis an bplean roinnt athchóirithe agus infheistíochtaí, mar aon le cur chun feidhme na mbeart i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine. Ar an gcéad dul síos, áirítear sa phlean an t-athchóiriú dar teideal *Taastuvenergia 100* [Leictreachas In-athnuaite 100], lena n-éilítear aistriú chuig tomhaltas leictreachais in-athnuaite faoi 2030. Ar an dara dul síos, áirítear sa phlean glacadh an Dlí maidir le Geilleagar atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de. Leis an dlí atá le glacadh, leagfar síos an bhunchloch le haghaidh geilleagar aeráid-díonach trí spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a leagan síos, rud a spreagfaidh glacadh teicneolaíochtaí glana agus luachshocrú acmhainní níos mó. Tá an dá bheart sin ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2024 (agus ar mholtaí tírshonracha na mblianta roimhe sin ó 2023, 2022 agus 2020), ina n-iarrtar ar an Eastóin gníomhaíocht a dhéanamh chun sciar an scealla ola sa mheascán fuinnimh a laghdú agus táirgiúlacht acmhainní a ardú trí nuálaíocht bhithbhunaithe.

(25) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, lena n-áirítear Colún Eorpach na gCeart Sóisialta,, mar aon le cur chun feidhme na mbeart i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine, tá roinnt athchóirithe sa phlean. Ar an gcead dul síos, áirítear sa phlean bearta lena bhfeabhsaítear cáilíocht agus infhaighteacht an chúraim speisialta, trí ghníomhaireachtaí agus láithreacha seirbhíse a atheagrú chun dálaí maireachtála nua-aimseartha a áirithiú do dhaoine a bhfuil neamhoird mheabhracha orthu. Ar an dara dul síos, déanfar an córas athshlánaithe a atheagrú chun a áirithiú go bhfaighidh daoine a bhfuil athshlánú de dhíth orthu seirbhísí de réir a riachtanas féin, go mbeidh sé éasca rochtain a fháil ar sheirbhísí agus go dtacófar leo, agus go soláthrófar seirbhísí ar bhealach comhtháite trí chomhar ildisciplíneach. Ar an tríú dul síos, déanfar feabhsuithe éagsúla ar an gcóras cúraim sláinte a fhorbairt agus a chur chun feidhme. Ar an gceathrú dul síos, áirítear sa phlean athchóiriú breise ar an gcúram fadtéarmach. Aistreofar eagrú agus maoiniú na seirbhíse altranais 24/7 chuig an gCiste Árachais Sláinte ó 2025 ar aghaidh. Ar an gcúigiú dul síos, áirítear sa phlean athchóiriú ar shochair dhífhostaíochta agus ar árachas dífhostaíochta, agus tá leathnú an chumhdaigh árachais dífhostaíochta chuig cineálacha nua oibre á phlé. Tá na cúig bheart sin ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2024 (agus go hintuigthe na moltaí tírshonracha ó 2023, 2022 agus 2020) ina n-iarrtar ar an Eastóin gníomhaíocht a dhéanamh chun cosaint shóisialta a neartú, *inter alia* chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht seanaoise agus trí chumhdach na sochar dífhostaíochta a leathnú, go háirithe chucu siúd a bhfuil tréimhsí gearra oibre acu agus i bhfoirmeacha neamhchaighdeánacha oibre. Tá siad ceaptha freisin chun aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2024 (agus go hintuigthe moltaí tírshonracha na mblianta roimhe sin ó 2023, 2022 agus 2020), ina n-iarrtar ar an Eastóin feabhas a chur ar rochtain ar chúram sláinte agus ar chúram fadtéarmach, agus feabhas a chur ar mhaoiniú an dá chineál cúraim sin. Áirítear sa phlean freisin athchóiriú a bhaineann le gairmoideachas. Baineann an beart sin le moladh tírshonrach 2024 (agus go hintuigthe fochuid de

mholadh tírshonrach na bliana roimhe sin ó 2019), ina n-iarrtar ar an Eastóin feabhas a chur ar an soláthar scileanna trí athsciliú agus uas-sciliú agus trí thallann a mhealladh agus a choinneáil ar bhealach níos fearr. Mar sin féin, sa bhreis ar na gealltanais sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, ní áirítear sa phlean bearta chun aghaidh a thabhairt ar an bhfochuid de mholadh tírshonrach 2019 chun gníomhaíocht a dhéanamh chun an bhearna chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thrédhearcacht pá a fheabhsú.

(26) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le slándáil fuinnimh, cuimsítear leis an bplean an t-athchóiriú dar teideal *Taastuvenergia 100* [Leictreachas In-athnuaite 100], ina n-iarrtar aistriú chuig tomhaltas leictreachais in-athnuaite faoi 2030, mar aon leis na bearta i bplean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine a chur chun feidhme. Tá an beart sin ceaptha chun aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2024 (agus ar mholtaí tírshonracha na mblianta roimhe sin ó 2023, 2022 agus 2020), ina n-iarrtar ar an Eastóin gníomhaíocht a dhéanamh chun sciar an scealla ola sa mheascán fuinnimh a laghdú agus táirgiúlacht acmhainní a ardú trí nuálaíocht bhithbhunaithe.

(27) Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le cumais chosanta, cuimsítear leis an bplean liosta d'athchóirithe cánach faoin scáth-théarma 'formhuirear slándála'. Cé go bhfuil an t-ioncam cánach a bhailítear le cánacha nua nó cánacha modhnaithe idirmhalartach, tugtar le tuiscint leis an réasúnú a úsáideann an rialtas gur beart é chun cumais chosanta a mhéadú. Mar sin féin, cé is moite den 'fhormhuirear slándála' thuasluaite, ní áirítear sa phlean plé sainráite ar athchóirithe agus infheistíochtaí a bhaineann le cosaint.

(28) Maidir le bearta beartais eile lasmuigh de thosaíochtaí coiteanna an Aontais, ní áirítear sa phlean, cé is moite de na gealltanais sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, bearta chun aghaidh a thabhairt ar mholadh tírshonrach 2020 (agus ar an bhfochuid de mholadh tírshonrach 2019) ina n-iarrtar ar an Eastóin dlús a chur leis na hiarrachtaí chun maoirseacht agus forfheidhmiú an chreata um an sciúradh airgid a chomhrac.

(29) Cuirtear faisnéis ar fáil sa phlean maidir leis an gcomhsheasmhacht agus, i gcás inarb iomchuí, an chomhlántacht, le cistí an bheartais comhtháthaithe agus le plean téarnaimh agus athléimneachta na hEastóine. Luaitear sa phlean go rannchuidítear le sprioc P04 de Chomhaontú Comhpháirtíochta an Bheartais Chomhtháthaithe (An Eastóin Shóisialta) agus le comhchuid 6 den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (cúram sláinte agus cosaint shóisialta) trí fheabhas a chur ar cháilíocht agus inrochtaineacht an chúraim speisialta, an córas athshlánaithe a atheagrú, agus an cúram fadtéarmach a athchóiriú. Leis an athchóiriú ar shochar dífhostaíochta agus ar árachas dífhostaíochta, agus le leathnú an chumhdaigh árachais dífhostaíochta chuig cineálacha nua oibre, rannchuidítear freisin le comhchuid 6 den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (cúram sláinte agus cosaint shóisialta). Is rannchuidiú é an t-athchóiriú dar teideal *Taastuvenergia 100* [Leictreachas In-athnuaite 100] le comhchuid 4 (fuinneamh agus éifeachtúlacht fuinnimh) agus comhchuid 8 (REPowerEU) den tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

(30) Tugtar forléargas sa phlean ar riachtanais infheistíochta poiblí na hEastóine a bhaineann le tosaíochtaí coiteanna an Aontais. Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le haistriú cóir, glas agus digiteach, sainaithnítear sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí breise a bhaineann le cur chun feidhme an Ghnímh um Gheilleagar atá Athléimneach ó thaobh na hAeráide de. Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le hathléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch, sainaithnítear sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí breise a bhaineann le comhtháthú na hearnála sóisialta agus sláinte.

Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le slándáil fuinnimh, sainaithnítear sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí breise is gá chun sioncrónú a dhéanamh le córas leictreachais na hEorpa agus sciar an fhuinnimh in-athnuaite a mhéadú. Maidir leis an tosaíocht choiteann a bhaineann le cumais chosanta, sainaithnítear sa phlean an gá atá le hinfheistíochtaí breise a bhaineann le cumais chosanta a fheabhsú.

Conclúid mheasúnú an Choimisiúin

(31) Ar an iomlán, tá an Coimisiún den tuairim go gcomhlíonann plean na hEastóine ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263.

CONCLÚID FHORIOMLÁN

(32) I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1263, ba cheart don Chomhairle an chonair ghlanchaiteachais mar a leagtar amach sa phlean í a mholadh don Eastóin.

AG MOLADH LEIS SEO don Eastóin

(1) A áirithiú nach sáróidh an fás glanchaiteachais na huasmhéideanna a bhunaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Moladh seo.

Iarrann an Chomhairle ar an Eastóin a áirithiú go dtabharfar i gcrích athchóirithe agus infheistíochtaí a chomhfhreagraíonn do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, go háirithe sna moltaí tírshonracha, agus go dtabharfar aghaidh ar thosaíochtaí coiteanna an Aontais.

IARSCRÍBHINN I

Uasrátaí fáis an ghlanchaiteachais
(rátaí fáis bliantúla agus carnacha, i dtéarmaí ainmniúla)

an Eastóin

Blianta		2025	2026	2027	2028
Rátaí fáis (%)	Bliantúil	7,1	5,1	3,6	3,2
	Carnach (*)	9,2	14,8	18,9	22,6

(*) Ríomhtar na rátaí fáis carnacha trí tagairt don bhonnbhliain 2023.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán